

Clár don Eoraip: tograí na sochaí sibhialta



Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Cur i Láthair ón Uachtarán

Don chéad uair riamh, tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa chun glacadh le doiciméad cuimsitheach, mionsonraithe agus tráthúil ar an díospóireacht pholaitiúil leanúnach agus na fadhbanna práinneacha agus coinchréiteacha atá ag tabhairt aghaidh ar an Eoraip - *Clár don Eoraip: tograí na sochaí sibhialta*.

Cuireann an clár seo ar chumas an Choiste tuairim a léiriú maidir le dhá shaincheist ríthábhachtach: an gá atá le téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta ar thaobh amháin, agus na toghcháin Eorpacha ar an taobh eile.

Trí mheán an chláir seo, glaonn an Coiste ar na hinstiúidí Eorpacha, na Ballstáit, na cumhachtaí polaitiúla agus sóisialta, agus sa chaoi sin, ar shaoránaigh uile an Aontais Eorpaigh, chun a chinntiú go mbaineann na toghcháin Eorpacha le saincheisteanna Eorpacha agus ní hamháin le cúrsaí atá tábhachtach ar bhonn náisiúnta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo faoi láthair, nuair atá tíortha uile na hEorpa ag dul i ngleic leis an díospóireacht ar théarnamh eacnamaíoch agus airgeadais. Tá cinntí coiteanna agus freagraí Eorpacha de dhíth ar an díospóireacht seo.

Trí mheán *Clár don Eoraip: tograí na sochaí sibhialta*, soláthraíonn an Coiste na hinstiúidí le sraith bearta agus gníomhartha nach mór don Eoraip aghaidh a thabhairt orthu d'fhonn tacú le téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta atá inbhuanaithe agus dírithe ar dhul chun cinn. Tá an Coiste tar éis an sprioc a leagan amach dó féin chun tacaíocht a thabhairt do chomhdhlúthú an chomhtháthaithe Eorpaigh, ár ndaonlathais mar aon lenár gcuid freagraí ar riachtanais phoiblí.

Áirítear leis na riachtanais seo tuiscint ar an mbunbhrí atá leis an tionscadal Eorpach: brí a théann i bhfad níos faide ná srianta an mhargaidh agus na n-institiúidí agus a spreagann forbairt cháilíochtúil ár sochaí.

Mario Sepi, Uachtarán an EESC

An Bhruiséil, 24 Márta 2009



Réamhrá

Is éard atá i gceist le *Clár don Eoraip: tograí na sochaí sibhialta* ná trí chuspóir bunúsach: cuspóir ionchasach, cuspóir polaitiúil agus cuspóir institiúideach.


Nochtann an cuspóir ionchasach anam an Choiste i ggreatlach dhomhanda a léiríonn comhsheasmhacht a chuid oibre. Ceadáíonn an clár seo do bhaill an Choiste, a sheasann d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta san Aontas Eorpach, a gcuid tuairimí a leagan amach maidir leis na roghanna nach mór don Eoraip a dhéanamh ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe i ngéarchéim dhomhanda.

Tá sé mar chuspóir polaitiúil ag an gCoiste an rud arbh fhéidir forógra sochaí sibhialta a thabhairt air a chur i láthair na hinstitiúidí eile, Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún agus an Chomhairle Eorpach ach go háirithe, d'fhonn tacaíocht a thabhairt dá gcuid gníomhaíochtaí agus iad ag breathnú ar chomhspricanna na hEorpa a bhaint amach.

Faoi dheireadh, is é an cuspóir institiúideach ná na tuairimí de chuid Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a chur i gcroílár na díospóireachta maidir leis na dúshláin ag tabhairt aghaidh ar an Eoraip sna blianta atá le teacht trí bhearta coincreíteacha a mholadh d'institiúidí na hEorpa.

Tá tuairim lárnach thábhachtach ag nascadh na trí cuspóirí seo le chéile agus tá sí seo i bhfíor-bhunbhrí an EESC: forbairt múnla Eorpaí chuimsitheach agus chomhthacúil, nach mór bogadh i dtreo comhordaithe níos láidre idir rialacha eacnamaíocha agus polaitiúla bunaithe straitéisí comhoibrithe agus comhtháthaithe.

Tá an ghéarchéim, a thosaigh sa chóras airgeadais agus atá tar éis leathnú chuig an gcóras eacnamaíoch idirnáisiúnta, tar éis ceisteanna nua a chur os comhair ár sochaí agus, ag an am céanna, tar éis cur le dúshláin eiseacha, ar nós iad siúd a bhaineann le bochtaineacht; cothromaíochtaí sóisialta, beogacht agus nuálaíocht ár ngnólachtaí, acmhainní nádúrtha, foinsí fuinnimh, agus imirce.




I gcomhthéacs seo an athraithe ar leibhéal nach bhfacthas riamh roimhe seo, tá an tsochaí shibhialta agus saoránaigh i gcoitinne ag súil le freagraí coincreíteacha ó institiúidí na hEorpa, atá freagrach as ucht beartais chinntitheacha a fhorbairt do thodhchaí na hEorpa.

Tá sí mar aidhm ag an AE a bheith ina cheannródaí domhanda agus é ag cosaint múnla forbartha fadtéarmach. Glaonn Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar na hinstitiúidí chun freagraí láidre a sholáthar a chuirfidh ar chumas na hEorpa glacadh leis an ról seo go hiomlán.

De réir mar a dhruidimid i dtreo athnuachan d'institiúidí na hEorpa atá freagrach as ucht tabhairt faoi na gníomhaíochtaí riachtanacha, tá sé tábhachtach go gcloisfear an tsochaí shibhialta, atá déanta suas d'fhórsaí spreagtha atá i dteagmháil dhíreach le réaltachtaí sóisialta agus eacnamaíocha ár sochaí.

Tá tograí an Choiste grúpáilte faoi cheithre theideal, is iad sin: téarnamh eacnamaíoch; cearta bunúsacha agus múnla sóisialta na hEorpa; forbairt inbhuanaithe; rialachas.

Tá na teidil seo foroinnte i 22 téama sainiúil aitheanta mar phríomh-réimsí le haghaidh díospóireachta. Tá comhlachtaí éagsúla an Choiste tar éis cur go gníomhach le hobair riachtanach na ngrúpaí ad hoc, atá tar éis achoimre a dhéanamh ar na príomh-moltaí polaitiúla leagtha amach i dtuairimí an Choiste i bpeirspictíocht shineirgeach a chuimsíonn suímh na mball aonair, na trí ghrúpa agus na ranna atá mar chuid den Choiste.





1 Téarnamh eacnamaíoch sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma

2 Straitéis Liospóin athchóirithe i ndiaidh 2010

3 Bonn tionsclaíoch slán do gheilleagar na hEorpa

4 SMEanna – ceann tiomána don fhás agus don fhostaíocht

5 Taighde agus forbairt: i dtacaíocht an iomaíochais

6 Córas airgeadais chun an geilleagar margaidh shóisialta a threisiú

7 Beartas comhtháthaithe: ag cur leis an ngeilleagar réadúil

8 I dtreo clár gníomhaíochta sóisialta Eorpach nua

9 Clár oibre sóisialta Eorpach ath-fhuinnmhithe

10 Comhrac an eisiata shóisialta

11 Ag spreagadh comhtháthú náisiúnach na dtríú tíortha

12 Meas ar chearta bunúsacha

- Athnuachan trí fhorbairt inbhuanaithe
- Ag bainistiú ár gcaipiteal nádúrtha go hinbhuanaithe
- Ag tabhairt faoi ghníomhú docht ar athrú aeráide
- Ag déanamh fíor-sprioc choiteann
as slándáil fuinnimh
- Ag draenáil cumas na héifeachtúlachta fuinnimh
- Le haghaidh rialachais athnuaithe
na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta
- Ag spreagadh cearta eacnamaíocha, sóisialta agus
cultúrtha ar fud an domhain
- Spreagadh idirnáisiúnta an mhúnla Eorpaigh
- Dúshlán domhanda an bhia agus beartas
forbartha Eorpach
- Daonlathas rannpháirtíoch agus tionscnaimh
na saoránach san Aontas Eorpach



Forbairt inbhuanaithe

Rialachas

Téarnamh eacnamaíoch sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma

Tá an Eoraip tar éis buille trom a fháil ón ngéarchéim eacnamaíochta dhomhanda. Tá gníomhaíocht níos práinní agus níos dírithe riachtanach chun muinín na dtomhaltóirí agus na n-infheisteoirí a dhaingniú. Tá fócas athnuaithe ar chuspóirí agus luachanna níos fad-tearmaí riachtanach.

Tá baol ó éagothromaíochtaí méadaitheacha laistigh den Eoraip. Tá gá le “beartaíocht shóisialta nua” chun a thaispeáint go soiléir don phobal agus, go háirithe do bhaill níos laige na sochaí nach bhfuil na himreoirí polaitíochta á dtréigean.

Tá breis comhchuibhithe agus comhordú ceart riachtanach do rialachas eacnamaíoch. Glaonn an Coiste ar gheallsealbhóirí uile, go áirithe na Ballstáit agus an Coimisiún ach go háirithe, chun a gcuid bearta téarnaimh a chomhordú agus iad a chur i bhfeidhm gan a thuilleadh moille, ag cur na moltaí seo a leanas san áireamh:

1. Tá níos mó infheistíochta i nuálaíocht, bonneagar, taighde agus oideachas riachtanach ionas go mbeidh an geilleagar níos láidre agus é ag teacht amach as an gcúlú. Ní foláir go gcuirfí béim ar thionscadail atá tíosach ar fhuinneamh agus nach ndéanann dochar don chomhshaol d’fhonn an aistriú go geilleagar glas ísealcharbóin a luasghéarú. Ba chóir go sholáthródh tacaíocht don earnáil ghnó cuideachtaí - go háirithe SMEanna - le rochtain níos éasca ar airgead ach ní féidir
2. Caithfear bonn cánach na mBallstát a leathnú, ní ar a laghad trí chuain cánacha a dhúnadh, deireadh a chur le hiomaíocht chánach agus bearta chun dul i ngleic le himghabháil cánach agus calaois. Ní foláir ranníocaíocht a éileamh uathu siúd a bhain tairbhe as easpa rialaithe cuí na margaidh airgeadais.
3. Caithfidh beartas margaidh saothair athstruchtúrú géarchúiseach an gheilleagair a spreagadh. Is fearr fostaithe a choinneáil agus a oiliúint in ionad iad a fhágáil iomarcach. Ba chóir tacaíocht do na daoine difhostaithe a nascadh le gnóthú scileanna agus athoiliúint. Ba chóir go dtabharfaí an tús áite do thabhairt isteach daoine óga sa mhargadh saothair le linn an chúlaithe.
4. Ní mór réitigh ar leith a dhearadh do dhaoine ar ioncain ísle. Anseo, d’fhéadfadh tairbhí díreacha sprioctha áirithe, ar nós méaduithe sealadacha i sochar difhostaíochta agus íocaíochtaí aistrithe a chur i leataobh do chuspóirí ag freastal ar an leas ginearálta éileamh a spreagadh, m.sh. dearbháin oiliúna,

dearbháin aeráide chun trealamh fuinneamh gréine a cheannach, ticéid séasúir d'iompar poiblí, s.r.l.

5. Maidir le margáil tuarastail, ní mór do chomhpháirtithe sóisialta straitéis mheántéarmach a leanúint ag coimeád arduithe pá ar aon dul le fás táirgiúlachta. Tá gá le comhrá sóisialta neartaithe chun an ghéarchéim a shárú agus chun an meathlú eacnamaíoch agus sóisialta ar ghnáth-shaoránaigh a mhaolú.
6. Ba chóir breathnú níos mó ar chomhthionscadail Eorpacha. Dá mbeadh níos mó solúbthachta idir theidil buiséid éagsúla an AE d'fhéadfaí a leithéid de thionscadail a mhaoiniú i bpáirt ó acmhainní neamh-úsáidte. Ba chóir do dháiltí ó chistí Pobail éagsúla (m.sh. Cistí Struchtúrtha) a bheith bunaithe ar chur chuige solúbtha, pragmatach ag breathnú ar luasghéarú a dhéanamh ar thionchar an chaiteachais.
7. Ba chóir cuimhneamh ar an tuairim de bhanna Eorpach ó chiste saibhris ceannasach Eorpach.
8. Caithfear dlúthpháirtíocht Eorpach a thaispeáint do thíortha a bhfuil deacrachtaí le comhardú na n-íocaíochtaí acu, go háirithe na Ballstáit nua.
9. Tá gá ann le hath-eagrú comhordaithe domhanda na margaí airgeadais le cur chuige inbhuanaithe, le dreasachtaí cuí mar bhonn agus mar thaca aige agus ina chuidiú d'fhorbairt táirgí airgeadais iontaoifa a thugann tacaíocht don gheilleagar réadúil. ■



Straitéis Liospóin athchóirithe i ndiaidh 2010

Tá an Eoraip thíos go mór leis an ngéarchéim airgeadais agus eacnamaíoch. Is cás tástála í an staid seo don Aontas Eorpach agus do Straitéis Liospóin.

Tá Straitéis Liospóin lena trí bhonn idirnasctha – fás agus iomaíochas, forbairt inbhuanaithe agus cuimsitheacht shóisialta agus fostaíocht – deartha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an domhain domhandaithe. Is tionscadal uileghabhálach é do chách, le cách agus ag cách.

Is anois, i rith an timthrialla reatha ag dul ar aghaidh go dtí 2010, a chaithfear athchóiriú na Straitéise seo a ullmhú. Ní mór do Bhallstáit glacadh go soiléir le Clár Oibre Liospóin agus ní foláir an mheicníocht chomhordaithe ag leibhéal Eorpach a threisiú. Tá na tosaíochtaí a bhí ann cheana féin fós baillíoch, ach ba chóir iarracht ar leith a dhéanamh chun feabhas a chur ar rialachas agus a mheáin, an méid geallsealbhóirí gur féidir a áireamh agus gné sheachtrach na Straitéise a fhorbairt. Ba chóir go mbeadh an méid sin bunaithe ar chur chuige comhoibritheach agus inbhuanaithe.

I gcoinne cúlra na géarchéime eacnamaíochta domhain, molann an Coiste na bearta beartais seo a leanas d'fhonn Straitéis Liospóin a athchóiriú i ndiaidh 2010:

1. Ullmhaigh Togra an Choimisiúin do *Straitéis Eorpach Athchóirithe le haghaidh Fáis agus*

Fostaíochta (2010-2015) ag athnuachan na réimsí tosaíochta eiseacha, ag cur gné seachtraí léi, ag cur béim ar an ngá atá le Clár Oibre Liospóin a dhíriú ar an todhchaí sa chor chun donais reatha sa gheilleagar, ag cur feabhas ar rialachas ag gach leibhéal agus ag sainmhíniú straitéis chumarsáide dhiongbháilte do phobal na hEorpa.

2. Na bearta beartais tógtha ag leibhéal náisiúnta a chomhordú níos éifeachtaí sa Chomhairle trí mholtaí coinchréiteacha atá sainiúil do gach tír a bheartú, lena n-áirítear plean oibre d'fhorfheidhmiú. Bunachar sonraí inrochtana go héasca a sholáthar do gach Ballstát, le heolas ann mar gheall ar fhorfheidhmiú na moltaí seo, moilleanna maidir leis an bplean oibre agus bearnaí forfheidhmithe. Na réimsí ina dtarlaíonn sceitheadh beartais diúltach agus/nó droch-dháileadh acmhainní mar thoradh ar an easpa comhordaithe idir Bhallstáit i mbeartas nach bhfuil comhchuibhithe. Iarracht a dhéanamh meastachán ríofa an "*chostais neamh-Eorpa*" seo a aimsiú.
3. Ar bhonn na dtosaíochtaí seo, tograí an Choimisiúin do na treoirlínte atá sainiúil do gach tír a mheas go hoscailte sa Chomhairle agus conclúidí coinchréiteacha le haghaidh déantúsaíochta an bheartais náisiúnta a aimsiú. Comhordú maicreacnamaíoch níos éifeachtaí idir Bhallstáit a chinntiú. >>

4. Fardal de thionscadail Eorpacha a dhéanamh a chuirfeadh feabhas ar thaobh soláthair an gheilleagair ag tabhairt aird ar leith ar SMEanna, comhtháthú Eorpach a chothú agus/nó cur le cuspóirí an Chonartha.
5. A chinntiú go gcuirtear beartais inmheánacha an AE i bpeirspictíocht na ndúshlán domhanda agus go bhfuil cuspóirí straitéiseacha Eorpacha leabaithe go daingean i gcur chuige an domhain i leith domhandaithe, mar shampla trí:
 - comhaontuithe daingean a chur chun cinn maidir le rialacha idirnáisiúnta ar obair, comhshaol, maoin intleachtúil, s.rl.;
 - cur chuige domhanda a fhoirmlíú i leith tíortha i mbéal forbartha;
 - a bheith mar cheannródaí ar mhúnla sóisialta na hEorpa ar fud an domhain.
6. Gacadh le rún Comhairle a chinntíonn go dtógann an tsochaí shibhialta eagraithe páirt i Straitéis Liospóin athchóirithe, ag déanamh deimhin de go dtugtar ról níos láidre di ó ghiniúint go forfheidhmiú, ag leibhéal náisiúnta agus Eorpach agus ar bhonn domhanda.
7. Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as líonra Parlaimint na hEorpa le parlaimintí náisiúnta d'fhonn rialtais a spreagadh chun dul imbun na mbeart riachtanach ag leibhéal Eorpach agus náisiúnta araon. ■

Bonn tionsclaíoch slán do gheilleagar na hEorpa

Tugtar tús áite do bheartas tionsclaíoch ar an gclár oibre Eorpach agus ba chóir go leanfaí ar aghaidh leis seo. Tá sí mar aidhm aige margáí oscailte a ráthú fad is a chuireann sé cosc le hidirghabháil stáit a shaobhann iomaíocht. Tá sé seo bunriachtanach sa ghéarchéim reatha, a bhfuil baol an chosantais féideartha mar thoradh uirthi.

Níor léiríodh tábhacht boinn tionsclaíoch iontaofa ar bhealach níos soiléire riamh roimh an t-am seo de ghéarchéim eacnamaíoch. De réir mar a imíonn cuid den neamh-chinnteacht ón staid uafásach maidir le hamhantraíocht airgeadais, tá fíor-luach tionscail don *gheilleagar réadúil* ag éirí níos soiléire. Tá tionscal agus seirbhísí gnó ríthábhachtach do shaibhreas toisc go gcruthaíonn siad luach inláimhsithe agus toisc go bhfuil an chumas acu poist nua a chruthú. Ina dhiaidh seo agus uile, tá tionscal thíos go mór le tionchair na géarchéime seo agus tá freagra Eorpach comhordaithe ríthábhachtach i gcreatlach Straitéise Liospóin.

Ní foláir a bheith cúramach nach ndéanann an Eoraip dearmad ar na dúshláin fadtéarmacha a bhfuil a hearnálacha tionsclaíocha ag tabhairt aghaidh orthu de dheasca staid reatha na géarchéime: iomaíocht mhéadaitheach – tá míchothrom uaireanta – ag eascairt ó ionad margaidh domhanda; an mhí-oiriúint idir scileanna agus riachtanais, go mór mhór san innealtóireacht; easpa fiontraíochta; rómhaorlathas iomarcach; bagairtí maidir le soláthairtí

cinnte amhábar agus foinsí fuinnimh; an gá le haimsiú na bhfreagraí imleor agus cothromaithe go hidirnáisiúnta ar athrú aeráide nach gcuireann iomaíochas i mbaol, s.rl.

I gcoinne an chúlra seo, tacaíonn an Coiste le cothromaíocht idir ciumhais iomaíoch do thionscal an AE a choinneáil, an gá le hathrú atá inghlactha go sóisialta agus inbhuanaitheacht, agus molann sé go mba chóir glacadh leis na bearta seo a leanas:

1. Dul i mbun beartais tionsclaíoch dírithe ar an margadh inmheánach a chosaint agus ar feabhas a chur ar iomaíochas trí chur chuige comhtháite a cheanglaíonn bearta cothrománacha/sain-earnála agus reachtú/forfheidhmiú níos fearr araon.
2. Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar SMEanna agus cuideachtaí a dhéanann suas naisc tosaigh agus idirmheánacha de shlabhraí luacha.
3. Seirbhísí gnó, nach smaoinítear orthu go minic ag leibhéal an AE, a chur chun cinn, mar bhealach chun feabhas a chur ar fheidhmíocht thionsclaíoch mar aon le buntáistí iomaíochais a bhaint amach sa mhargadh domhanda.
4. Nuálaíocht a spreagadh trí mheán maoiniú AE agus trí reachtaíocht chúil a achtú agus a chur i bhfeidhm ar mhaoin intleachtúil; ba chóir glacadh le paitinn an Chomhphobail mar shaincheist phráinneach.



5. Beartas tionsclaíoch a chothú a chuireann spriocanna forbartha inbhuanaithe san áireamh agus a threisióinn éicthionscal; níor cheart do bheartais um chosaint aeráide cur isteach ar an gcothromaíocht idir na trí bhonn d'inbhuanaitheacht agus an gá le ciumhais iomaíoch a choinneáil do thionscal an AE.
6. Cothromaíocht i dtionscal Eorpach sa mhargadh domhanda a ráthú trí, mar shampla, caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil i gcomhaontuithe trádála a chur chun cinn.
7. Na coinníollacha cearta a chruthú chun tionscadail tionsclaíocha suaitheanta Eorpacha a thabhairt chun críche.
8. Fiontraíocht a spreagadh agus caipiteal daonna a neartú fad is a chinntítear go mbíonn oiliúint ghairmiúil Eorpach bunaithe ar riachtanais tionscail agus go meallann sí daoine óga agus cáilithe, go háirithe chuig réimsí innealtóireachta agus teicneolaíochta.
9. Soláthar fuinnimh agus amhábhar a dhaingniú trí thréscailteacht mhargaidh agus phraghais a thabhairt isteach.
10. "Réigiúin freagrach go sóisialta agus go heacnamaíoch" a chur ar bun a chinnteodh úsáid chomhordaithe acmhainní le haghaidh tionscnamh tionsclaíocha tábhachtacha uile i limistéar aonchineálach áirithe. ■

SMEanna – ceann tiomána don fhás agus don fhostaíocht

4

Tá fiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEanna) mar chroílár an gheilleagair Eorpaigh agus múnlaí sóisialta na hEorpa; tá sé ríthábhachtach chun tacaíocht a thabhairt dóibh ionas gur féidir leas a bhaint as an bpoitéinseal le haghaidh fáis agus cruthaithe post a thugann an 23 milliún SME de chuid an Aontais Eorpaigh faoi láthair.

Le linn na géarchéime eacnamaíochta i láthair na huaire, tá SMEanna agus daoine féinfhostaithe níos leochailí ná aon duine eile agus bíonn deacrachtaí airgeadais, a d'fhéadfadh a bheith marfach, ag bagairt orthu go minic.

Ina dhiaidh sin agus uile, tá an cumas is mó ag SMEanna chun athghiniúint, chun deacrachtaí eacnamaíochta a athrú i ndeiseanna fiontraíochta, chun athchoigeartú go tráthúil agus chun iad féin a athnuachan. Sa chaoi sin, is iad siúd an phríomh-fhoinsé fáis agus fostaíochta.

Dá bharr seo, creideann an Coiste go láidir go mba chóir don Chomhairle, don Pharlaimint agus don Choimisiún iarrachtaí breise a dhéanamh chun tacú le SMEanna, ag cabhrú chun spiorad fiontraíochta a chothú le linn na tréimhse téarnaimh trí na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm:

1. Ba chóir don Choimisiún plean oibre a chur le chéile láithreach le hamlínte soiléire d'fhorfheidhmiú na dtionscnamh saineúla sonraithe in Acht na gCuideachtaí Beaga.
2. Ba cheart do rannóga an Choimisiúin comhordú níos fearr chun freastal ar SMEanna, inter alia trí "Eorpú" cuideachtaí a chur chun cinn.
3. Tá gá le bearta saineúla chun an tiomantas do ghearradh an rómhaorlathais a chur i ngníomh, mar shampla trí "shíopaí ilfhreas-tail" le haghaidh foirmiúlachtaí riaracháin uile a chur ar bun.
4. Ba chóir go mbeadh tiomantas láithreach d'uirlisí Eorpacha chun caipitliú, líonrú, infheistíocht agus foghlaim fadsaoil in SMEanna agus i measc na ndaoine féinfhostaithe a chur chun cinn.
5. Tá gá le creatlach chomhleanúnach do SMEanna, á gcur i gcroílár beartas an AE, ag léiriú an róil príomha atá acu i ngeilleagar na hEorpa.
6. Ba chóir go mbeadh timpeallacht oibriúcháin feabhsaithe ann do chuideachtaí tosaigh agus idirmheánacha (IICanna, .i. cuideachtaí atá ina naisc tosaigh agus idirmheánacha sa slabhra soláthartha).
7. Tá gá le breis iarrachtaí chun feabhas a chur ar choinníollacha i gcomhair rannpháirtíocht SME agus IIC sa 7ú Creatchlár Taighde agus Forbartha, cláir RTDI agus Eurostars.

»»

8. Caithfidh SMEanna agus IICanna rochtain níos fearr a bheith acu ar airgead. Sa chomhthéacs seo, ba chóir go dtreiseofaí an córas tagartha Eorpach do micri-chreidmheas SME, mar shampla trí:

– sraith chomhaontuithe shoiléir a bhunú idir an ciste micri-chreidmheasa Eorpach agus institiúidí micri-chreidmheasa aonair;

– córais rátála AE a bhunú;

– oiliúint a sholáthar do gheallsealbhóirí micri-chreidmheasa agus iarrthóirí ar mhicri-chreidmheas. ■



Taighde agus forbairt: i dtacaíocht an iomaíochais

Is fórsa spreagtha ríthábhachtach iad Taighde, Forbairt Theicneolaíoch agus Nuálaíocht (RTDI) d'iomaíochas na hEorpa, ag cabhrú chun a chinntiú go bhfanann an Eoraip ina ceannaire domhanda.

Ciallaíonn iomaíochas níos mó ná an beart traidisiúnta d'OTN náisiúnta sa mhéid is go gcuimsíonn sé inbhuanaitheacht shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil mar chomhbhalllárnach d'fheidhmíocht eacnamaíoch.

Níl inbhuanaitheacht ina sprioc ach ina próiseas leanúnach ag cinntiú go bhfanann an Eoraip iomaíoch trí rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíochtaí RTDI ag leagan béime ar thrí phríomh-ghné: daoine, brabús, plainéad.

D'fhonn ranníocaíocht taighde agus forbartha i leith iomaíochais Eorpaigh inbhuanaithe a mhéadú, tugann an Coiste na moltaí a leanas d'institiúidí na hEorpa:

1. Ba chóir glacadh le táscaire domhanda níos cruinne ná an táscaire OTN trí chomhaontú leathan, ag cuimsiú gnéithe sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil an iomaíochais.
2. Ba chóir an Réimse Taighde Eorpach (ERA) a neartú níos mó agus tacú níos mó leis, trí fheabhsú leanúnach ar bhonneagar taighde Eorpach ag úsáid pleananna oibre náisiúnta agus réigiúnacha do RTDI.
3. Ba chóir tacaíocht leanúnach a thabhairt don chomhpháirtíocht taighde Eorpach trí bhearta airgeadais, físcacha agus bonneagair agus ba chóir í a spreagadh chun comhaontais idirnáisiúnta straitéiseacha a chruthú.
4. Ba chóir modh bun-suas a úsáid agus cuspóirí taighde á bpleanáil ionas nach ndéantar dochar do chruthaitheacht taighdeoirí agus d'fhonn tuairimí oibreoirí RTDI a chur san áireamh.
5. Ba chóir glacadh le cur chuige iomlánaíoch i leith maoiniú chun barrfheabhsú cumais RTDI san Eoraip a chinntiú.
6. Ba chóir tacaíocht inbhuanaithe a thabhairt d'institiúidí oideachais chun iad a chur ar an eolas faoi riachtanais RTDI an tionscail agus chun iad a chumasú chun comhlíonta.
7. Ba chóir meon fiontraíochta a spreagadh sa tionscal, agus ba chóir misneach a thabhairt chun a bheith níos oscailte do nuálaíocht san Eoraip.
8. Ba chóir próiseas luachála agus feabhsaithe leanúnach na gcoinníollacha fáiltithe do thaighdeoirí sa Réimse Taighde Eorpach a thabhairt isteach, leis an aidhm aige chun na taighdeoirí is fearr a mhealladh.
9. Ba chóir aird ar leith a dhíriú ar chumas SMEanna an hEorpa chun nuáil agus ar a ranníocaíocht do RTDI.
10. Ba chóir maoiniú RTDI teicneolaíochtaí cumasaithe (teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide – TFCanna) a mhéadú, ag aithint go bhfuil na teicneolaíochtaí seo ina siocair le nuálaíocht i réimsí eile. ■



Córas airgeadais chun an geilleagar margaidh shóisialta a threisiú

Tá an ghéarchéim airgeadais domhanda tar éis na trilliúin dollar na Stát Aontaithe d'infheistíochtaí i dtáirgí airgeadais éagsúla a dhísciú. Tá rialtais na hEorpa tar éis dianbhearta a chur ina suí ag leibhéal náisiúnta agus Eorpach chun tacú leis an gcóras airgeadais agus chun é a chobhsú. Tá teorainneacha a gcumais chun gníomhú á sroicheadh acu.

Tá sainghrúpa curtha ar bun ag an gCoimisiún Eorpach, leis an Uas. De Larosière mar cheannaire air, tar éis tuarascáil a chur le chéile nach dtugann faoin idiroibriú casta de chúis agus éifeacht ach i bpáirt. Ina theannta sin, ní dhéanann sí scrúdú iomlán ar na roghanna beart feabhais ná ní mholann sí an méid athruithe a bheadh riachtanach chun cothromaíocht a sholáthar do ghníomhaithe an mhargaidh airgeadais.

D'fhonn cabhrú le lucht déanta beartais na hEorpa chun athstruchtúrú margáí airgeadais a thógáil níos faide ná bainistíocht ghéarchéime agus chun muinín in institiúidí airgeadais a athfhorbairt, molann an Coiste na bearta seo a leanas ar chóir a thacú le pleananna téarnaimh eacnamaíocha náisiúnta agus Comhphobail agus bearta forbartha-muiníne breise:

1. Ba chóir struchtúir éifeachtúla agus éifeachtacha um rialú agus maoirseacht baincéireachta idirnáisiúnta agus Comhphobail a fhorbairt a chinntíonn seasmhacht agus trédhearcacht na margáí airgeadais do

thomhaltóirí, rialtóirí poiblí, infheisteoirí agus geallsealbhóirí eile agus a shainmhíneadh gan amhras ar bith na freagrachtaí atá ag bainisteoirí agus institiúidí airgeadais, comhairleoirí airgeadais, forbróirí táirge, gníomhaireachtaí rátála agus gníomhaithe eile an mhargaidh airgeadais ionas go ngnóthófaí muinín fadtéarmach arís.

2. Ba chóir go shainmhíneodh an córas samhlaíthe freagrachtaí rialaithe agus maoirseachta neamhbhalbha ag leibhéal náisiúnta, Comhphobail agus idirnáisiúnta, agus foráil d'institiúidí a chinntíonn an comhoibriú riachtanach idir údaráis; ba chóir dó cosaint i gcoinne saint pearsanta agus leithleas comhchoiteann ó ghníomhaithe an mhargaidh airgeadais, comhlachtaí ionadaíocha na sochaí sibhialta a thabhairt isteach ar mhaithe le trédhearcacht, agus a chinntiú go ndíríonn an eanáil bhaincéireachta ar a gnó lárnach, .i. chun an caipiteal riachtanach a sholáthar don gheilleagar réadúil.
3. Caithfear tóraíocht gníomhaithe airgeadais a dhíriú i gceart chun freastal ar an ngeilleagar réadúil. Ní foláir uirlis Eorpach a chruthú chun coigilteas Eorpach a dhíriú i dtreo infheistíochtaí táirgiúla.
4. Ní foláir réamh-sheiceáil a chur i gcrích chun contúirtí a bhaineann le táirgí agus seirbhísí nua a shainnithint agus ní mór



na comhlachtaí inniúla ar a mbronntar an t-údarás éigeantach a chur i mbun monatóireachta leanúnaí.

5. Ba chóir don ailtireacht airgeadais nua seo tacaíocht a thabhairt do mhargadh Eorpach singil i seirbhísí airgeadais a thugann aird chuí freisin ar ghnéithe sainiúla na margaí náisiúnta, agus ba chóir dó comhlachtaí a chruthú agus tacú leo bunaithe ar chomh-chúnamh nó freastal ar nithe an leasa ginearálta.
6. Ba chóir go mbeadh riachtanais rialaithe feidhmeach do ghníomhaithe uile. Ba chóir go mbeadh sé de dhualgas ar chistí fáilaithe, bainc infheistíochta, cistí saibhris ceannasacha agus cistí cothromais eile a gcuid gníomhaíochtaí a chlárú ar mhargadh caipitil na hEorpa. Ba chóir a gcuid spriocanna eacnamaíocha agus straitéi-

seacha agus na meáin trína gcuireann siad tuiscint ar fhreagracht ina luí ar fhoireann agus bainistíocht a nochtadh i dtuarascáil rialachais. Ba chóir go mbeadh bainisteoirí le freagracht phearsanta do ghníomhaíochtaí agus claonadh gnó cuideachta a bheith cuntasach go pearsanta.

7. Maidir le cláir chomhordaithe, ní mór prionsabail na críochnúlachta agus an réalachais eacnamaíoch (filleadh ar fhíorluachanna) a athshuíomh. Ba chóir do bhainc ach go háirithe cloí leis na riachtanais seo, maidir le gabháltais freisin, trína chinntiú nach ndéanann sócmhainní measta os cionn luacha dochar do chreidiúnacht clár comhordaithe agus trína gcuid gabháltas a dhéanamh sofheicthe taobh leo siúd de chuid na gcuideachtaí agus na bhfochuideachtaí. ■

Beartas comhtháthaithe: ag cur leis an ngeilleagar réadúil

Tá an ghéarchéim leanúnach tar éis laigí struchtúracha atá ag fanacht sa gheilleagar Eorpach a nochtadh. Tá cur chuige dírithe i mbeartas comhtháthaithe Aontais Eorpaigh de dhíth ar na laigí seo.

Infheistíonn beartas comhtháthaithe AE, maoinithe ó na Cistí Struchtúracha ag costas foriomlán de EUR 347 billiún le linn na tréimhse cláreagraithe 2007-2013 (EUR 100 in aghaidh an duine in aghaidh na bliana), sa gheilleagar réadúil. Díritear thart ar 70% de mhaoiniú comhtháthaithe ar thosaíochtaí Chlár Oibre Liospóin, ag tabhairt tacaíocht do thaighde agus nuálaíocht, bonneagar, agus forbairt an chumas caipitil dhaonna.

Tá forálacha i bplean théarnamh eacnamaíoch an Choimisiúin Eorpaigh chun tapú a dhéanamh ar thionscadail atá ag fáil tacaíochta ó na Cistí Struchtúracha, agus chun na cistí seo a dháileadh ag freagairt do riachtanais ag eascairt mar thoradh ar an ngéarchéim. Trí réamh-mhaoiniú na dtionscadal agus luasghéarú a dhéanamh ar aisíocaíochtaí do thionscadail tábhachtacha, measann an Coimisiún Eorpach, go gcuirfear le “prímeáil na staide eacnamaíocha” sa chéim chriticiúil seo den chor chun donais eacnamaíoch.

Tugann an Coiste tacaíocht iomlán do na gníomhaíochtaí coincréiteacha atá á moladh ag an gCoimisiún i réimse an bheartais comhtháthaithe agus Cistí Struchtúracha. Creideann sé gur féidir le húsáid réamhghníomhach, chomhordaithe agus éifeachtach acmhainní atá infhaighte ag leibhéal Eorpach, náisiúnta agus réigiúnach cabhrú leis an Eoraip teacht as an ngéarchéim eacnamaíochta i staid níos láidre agus mar sin molann sé gur nglacfaí leis na bearta seo a leanas:

1. Ba chóir go gcoimeádfáí príomh-ról na gCistí Struchtúrtha chun cur le breis comhchruinnithe de réigiúin na hEorpa agus i dtreo bonneagar bunriachtanach a thógáil i mBallstáit a tháinig isteach le déanaí, agus ag cur tosaíochtaí Chlár Oibre Liospóin san áireamh ag an am céanna trí chomhordú níos fearr idir seirbhísí difriúla an Choimisiúin.
2. Ní mór reachtaíocht agus cleachtais an Chomhphobail a shimpliú agus a oiriúnú do riachtanais réadúla. Tá rialachas níos fearr de Chistí Struchtúracha agus beartas réigiúnach ríthábhachtach. Ba chóir don Choimisiún agus do na Ballstáit araon glacadh le ról gníomhach na sochaí sibhialta




eagraithe agus na hearnála príobháidí, eagraíochtaí eacnamaíochta sóisialta ach go háirithe, maidir le tionscadail a shainmhíniú agus a chur i ngníomh.

3. Ba chóir don Choimisiún tograí coinchréiteacha a chur le chéile chun réiteach a fháil ar na fadhbanna a bhaineann le réamh-mhaoiniú tionscadail i mbeartas réigiúnach: tréimhsí íocaíochta iomarcacha,

inbhuanaitheacht na dtionscadal molta, agus na rialacha *de minimis*.

4. Níor cheart beartas comhtháthaithe AE a úsáid do chlár airgeadais amháin. Ag an am céanna le clár reatha a chur i ngníomh, tacaíonn an Coiste go láidir le beartas comhtháthaithe dírithe ar an todhchaí don Eoraip a áiríonn aird ar leith ar chathracha, limistéir uirbithe agus dúichí cathracha móra. ■



I dtreo clár gníomhaíochta sóisialta Eorpach nua

Níor cheart go mbeadh an ghéarchéim eacnamaíochta tar éis athrú ina géarchéim shóisialta. Cé gur féidir tionchar an chor chun donais ar phobal na hEorpa a ísliú, de bhua múnla sóisialta na hEorpa, caithfidh staid chriticiúil an gheilleagair dhomhanda nod a thabhairt don Aontas Eorpach chun a spriocanna agus uaimhianta maidir le beartas sóisialta a chur ar aghaidh arís.

D'fhonn muinín chosmhuintire a chur ar ais in Eoraip aontaithe, bunaithe ar dhlúthpháirtíocht, ní foláir d'institiúidí na hEorpa clár gníomhaíochta sóisialta nua a chur i bhfeidhm, a bheidh ag freagairt do riachtanais saoránach mar a thugann siad aghaidh ar dhúshlán domhandaíthe, agus le comhiarrachtaí chun treisiú a dhéanamh ar dhlúthpháirtíocht, meas ar oibrithe, caighdeán shóisialta bunúsacha agus iomaíochas eacnamaíoch. Ní foláir na hionstraimí agus na huirlisí go léir a bhforáiltear dóibh faoi na conarthaí a thabhairt le chéile go héifeachtach ionas go gcuirfí plean oibre i gcrích a leathnaíonn amach i bhfad níos faide ná 2010 agus a chuimsíonn gníomhú reachtaíochta, an modh oscailte de chomhordú, comhrá sóisialta, agus comhrá sibhialta a chlúdaíonn tionscnaimh chosmhuintire.

Molann an Coiste go mba chóir don chlár gníomhaíochta sóisialta Eorpach nua díriú ar:

1. Na cuspóirí sóisialta nua de chuid Conradh Liospóin, go háirithe fostaíocht iomlán agus dul chun cinn sóisialta.
2. Plean chun dara Comhairle Eorpach a thionól ar mhúnla sóisialta na hEorpa (Cúirt Hampton 2), agus chun cruinnithe mullaigh saoránach a reáchtáil, arna éascú ag an gCoiste, chun iniúchadh a dhéanamh ar réaltachtaí sóisialta.
3. Cosaint cearta sóisialta mara shainmhínítear faoin gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
4. Ranniocaíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta d'fhorbairt an chláir.
5. Glacadh le Cairt inbhuanaitheachta sóisialta ag cur spriocanna feidhmíochta leasa ar bun.
6. Daingniú agus feidhmiú coinbhinsiún de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS).
7. Foirmlíú agus forfheidhmiú beartais an mhargaidh saothair nua-aimseartha a chuireann ar an gcumas athrú a réamh-mheas trí chomhpháirtíocht shóisialta agus ardú faisnéise.
8. Glacadh le forálacha sóisialta atá fabhrach d'fhostaíocht, le hardchaighdeán oibre, deiseanna gluaiseachta agus cothrom na Féinne.



9. Glacadh le creatlach reachtaíochta ag díriú ar an todhchaí ar féidir mar thoradh air treoracha áirithe a scaoileadh agus/nó a fheabhsú, deireadh a chur le scar-roghanna de réir a chéile, agus chun foirmeacha nua fostaíochta agus rioscaí nua san ionad oibre a réamh-mheas.
10. Rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta eagraithe in aistriú, feidhmiú agus luacháil reachtaíocht shóisialta an Chomhphobail.
11. Comh-rialú, féin-rialú, comhaontuithe agus caighdeáin agus cóid iompair deonacha a chuimsiú, a chuireann le reachtaíocht chreatlaigh AE sa réimse sóisialta ar aon dul le prionsabail freagrachta shóisialta chorpóráidí.
12. Glacadh le creatlach dhlíthiúil sochair chun comhaontuithe trasnáisiúnta comhchoiteann a chur chun cinn.
13. Atreisiú de dhaonlathas rannpháirteach, comhrá sóisialta agus sibhialta trí mheán na ndeiseanna nua á dtairiscint faoi Chonradh Liospóin.
14. Ceart tionscnaíochta na saoránach mar mheán breise d'Eoraip shóisialta a chur chun cinn atá níos cóngaraí do na saorán-aigh.
15. Iniúchadh na bhféidearthachtaí á dtairiscint mar thoradh ar an gcomhoibriú feabh-saithe a bhfuiltear ag súil leis faoi Chonradh Liospóin, ag cur ar chumas na mBallstát dul níos faide agus níos tapúla i mbeartas sóisialta.
16. Gníomhaíocht chun feabhas a chur ar an modh oscailte de chomhoibriú le spriocanna cainníochtúla agus cáilíochtúla, tás-cairí sóisialta agus rannpháirtíocht na n-imreoirí sóisialta ag leibhéal áitiúil. ■

Clár oibre sóisialta Eorpach ath-fhuinnmhithe

Leagann clár oibre athnuaite de chuid an Choimisiúin amach tosaíochtaí beartais agus bearta trasghearrtha agus iltoiseacha do bhlianta atá le teacht, ag cuimsiú raon leathan réimsí ó bheartais fostaíochta go hoideachas, sláinte, imirce agus comhrá idirchultúrtha.

Glacadh leis an gclár oibre seo roimh samhradh 2008, agus ag smaoineamh ar an ngéarchéim eacnamaíochta agus airgeadais domhanda, tá sé bunriachtanach go gcuireann an tAontas Eorpach Eoraip chun cinn atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht, meas ar fhostaithe agus iomaíochas eacnamaíoch a threisiú go frith-pháirteach. Glaonn an Coiste mar sin go nglacfaí le clár gníomhaíocht beartais réadúil agus athnuachan an chláir oibre sóisialta, bunaithe ar na bearta seo a leanas:

1. Bearta gníomhacha a fhorfheidhmiú chun dul i gcomhrac na bochtaineachta, idirdhealaithe agus eisiatachta sóisialta, lena n-áirítear spriocanna feidhmíochta leasa a shocrú, cearta othar tras-náisiúnta a chur san áireamh agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a chur chun cinn.
2. Soghluaisteacht a dhearbhu mar dheis do chách agus a léiriú go bhfuil cearta sóisialta bunúsacha níos tábhachtaí ná saoirsí eacnamaíochta agus rialacha iomaíochta; más gá, ní foláir bearta polaitiúla agus dlíthiúla a chur i gcrích chun deireadh a chur leis an bhféidearthacht go dtarlódh aon chúngú

ar chearta doshannta bunúsacha agus aon débhríocht a d'fhéadfadh a theacht as rialú ón gCúirt Bhreithiúnais Eorpach ar shaoirse chun seirbhísí agus saor-ghluaiseacht oibrithe a chur ar fáil.

3. Comhionannas inscne a chur san áireamh mar phrionsabal riachtanach chun cuspóirí an Aontais Eorpaigh i leith fás, fostaíocht agus comhtháthú sóisialta a bhaint amach, agus glacadh le bearta sainiúla chun deireadh a chur leis an mbearna phá leanúnach idir fir agus mná.
4. Modh oscailte an chomhordaithe a neartú, go mór mhór trí úsáid mhéadaithe na spriocanna cainníochtúla agus cáilíochtúla.
5. Córais chaidrimh tionsclaíochta ag leibhéal AE agus náisiúnta a neartú: caithfear comhairliú ceart na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha faoi Airteagal 138 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a chinntiú d'fhonn feidhmiú a gcuid comh-chlár oibre fadtéarmacha a ráthú agus comhaontuithe tras-náisiúnta comhchoiteann a chur chun cinn laistigh de chreatlach dlíthiúil sochair.
6. Tacú le Ballstáit i leith glacadh, comhchuibhiú agus monatóireacht na bprionsabal comónta um leas-solúbthacht: ní mór glacadh le creatlach dlíthiúil sochair le haghaidh margaithe chomhchoiteann



chun ról an chomhrá sóisialta sa díospóireacht ar leas-solúbthacht a neartú.

7. Oideachas agus oiliúint a choigeartú chun feabhas a chur ar infhostaitheacht, ag díriú ar bhearnaí scileanna sa mhargadh saothair, ag dearbhú go meaitseáiltear soláthar agus éileamh in oiliúint, agus spreagadh a dhéanamh ar rochtain níos fearr ar fhogh-

laim fadsaoil d'aoisghrúpaí agus do ghrúpaí sóisialta uile.

8. Níos mó béime a leagan ar nuálaíocht san ionad oibre agus cineálacha nua scileanna gairmiúla, fad is a dhéantar níos mó soiléireachta agus simplíochta a chothú agus cáilíochtaí gairmiúla á n-aithint. ■



Comhrac an eisiata shóisialta

Tá duine as gach seisear Eorpach ag maireachtáil faoi bhun thairseach na bochtaineachta. Tá coincheap an eisiata shóisialta, a éiríonn níos forleithne le linn ré géarchéime eacnamaíoch agus ar féidir leis a bheith mar chúis le nó mar thoradh ar an mbochtaineacht, mar dhúshlán ollmhór do lucht déanta cinntí Eorpach agus náisiúnta araon, agus ní foláir do ghníomhaithe sóisialta agus eacnamaíoch a uile gníomhú le chéile chun cabhrú chun déileáil leis an dúshlán.

Ag leibhéal an Aontais Eorpaigh, síleann an Coiste go bhfuil na bearta seo a leanas thar a bheith tábhachtach maidir le comhrac níos éifeachtaí an eisiata shóisialta:

1. Is tionscnamh rithábhachtach é an Bhliain Eorpach um Chomhrac na Bochtaineachta agus an Eisiata Shóisialta i 2010, ach caithfear níos mó maoinithe a leithdháileadh chun díriú ar thorthaí na géarchéime ar bhealach níos éifeachtaí.
2. Ní mór do na comhpháirtithe sóisialta agus gníomhaithe bainteacha eile ról níos gníomhaí a thógáil in ullmhúchán na bpleananna gníomhaíochta náisiúnta do chuimsiú.
3. Ba chóir úsáid a bhaint as an modh de “thurgnamhaíocht shóisialta” sa réimse cuimsiú gníomhach do dhaoine atá suite lasmuigh de raon na meicníochtaí tacaíochta traidisiúnta agus ba cheart don Choimsiún Eorpach Líonra Eorpach a chur ar bun chun breathnú ar fhorfheidhmiú an mhodha seo.
4. Ba chóir do Chiste Sóisialta na hEorpa níos mó tacaíochta a sholáthar do ghníomhaithe sóisialta a bhunaíonn tionscadail fostaíochta agus oiliúna do dhaoine beagdheise.
5. Ba chóir go mbeadh líontáin sábháilteachta reachtúla ann a thairiscíonn caighdeán shóisialta íosta dóibh siúd uile i ngátar, lena n-áirítear ioncam íosta agus pinsean a chuireann ar chumas daoine maireachtáil le dínit, mar aon le teacht ar sheirbhísí airgeadais agus ardchaighdeán seirbhísí sláinte agus sóisialta.
6. Ba cheart go gcuimseodh Treoirlínte Fostaíochta an Aontais Eorpaigh bearta daingean ar mhaithe le comhrac na gconstaicí i leith rochtain na mban ar an margadh saothair agus an bhearna phá inscne leanúnach, a laghdaíonn cosaint shóisialta agus soláthar pinsin na mban.
7. Ba chóir go mbeadh sí mar thosaíocht ag bearta uile maidir le comhrac an eisiata shóisialta chun díriú ar an mbochtaineacht i measc na leanaí, luath-fhágáil na scoile agus an t-aistriú ón scoil go dtí an obair a bhíonn deacair go maith uaireanta.

8. Ba cheart ciste sonrath ag tacú leis an soláthar seirbhísí do dhaoine aosta a chruthú d'fhonn cabhrú leo teacht ar ghníomhaíochtaí comhlíontacha, ar nós obair, obair dheonach, foghlaim fadsaoil, agus gníomhaíochtaí sóisialta eile.
9. Ba chóir luacháil a dhéanamh ar an meas ar chearta sóisialta bunúsacha na ndaoine faoi mhíchumas, ar bhonn na dtáscairí cuimsithe comhaontaithe, sonraí staitistiúla iontaofa agus spriocanna fostaíochta intomhaiste. Tá an "clásal míchumas-dhíonach" a chuir rialachán Cistí Struchtúracha an AE ar bun ina uirlis le breis leasa a bhaint aisti. Ba chóir go mbeadh dlúth-bhaint níos mó ag cumainn náisiúnta maidir le feabhas a chur ar rochtain na ndaoine faoi mhíchumas ar oideachas/oiliúint agus maidir le hionaid oibre a dhéanamh níos inrochtana.
10. Ba chóir d'institiúidí na hEorpa glacadh le bunús dlíthiúil éifeachtach i gcomhair gníomhaíochta, in éineacht le straitéis chomhtháite do na Romaigh, lena n-áirítear ardán forasaithe ar féidir leis beartais Eorpacha a fhoirmliú ar mhaithe le cuimsiú na Romach.
11. Ba cheart glacadh le treoir ar chomhrac cineálacha uile idirdhealaithe, mar aon le hidirdhealú iolrach gan mhoill, ionas go gcomhlíontar riachtanais Airteagal 13 an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh. ■

Ag spreagadh comhtháthú náisiúnach na dtríú tíortha

Is próiseas déthreo é comhtháthú, bunaithe ar chearta agus ar oibleagáidí náisiúnach na dtríú tíortha agus an tsochaí óstach. Caithfidh beartais chomhtháthaithe aghaidh a thabhairt ar inimircigh agus an tsochaí óstach, d'fhonn sochaí a chruthú ina mbíonn na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag na saoránaigh uile, agus go roinneann siad luachanna sochaí daonlathach, oscailte agus iolraíoch.

Leagann an Coiste béim ar an méid a chuir inimirce go dearfach le forbairt eacnamaíoch agus cultúrtha na hEorpa.

Is cuid lárnach den phróiseas comhtháthaithe í an fostaíocht. Tacaíonn an Coiste leis an smaoineamh chun bealaí le haghaidh inimirce dleathach a oscailt chun críche fostaíochta agus leis an bpolasáí chun cur i gcoinne fhostaíocht na n-inimirceach dleathach, a ndéantar dúshaothrú orthu go minic, ach measann sé nach féidir cur i gcoinne fostaíocht dhleathach trí phionós a ghearradh ar fhostóirí amháin.

Chun lánpháirtíocht cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch náisiúnach na dtríú tíortha a fheabhsú, molann an Coiste go nglacfaidh institiúidí na hEorpa leis na bearta seo a leanas:

1. Comhtháthú sibhialta a chur chun cinn, bunaithe ar an bprionsabal chun cearta agus dualgais na n-inimirceach a chur i gcomhréir leis an gcuid eile den daonra agus ar bhun-choincheap na saoránachta.
2. A chinntiú go mbíonn ról gníomhach ag fóram chomhtháthaithe na hEorpa agus go mbíonn fíorbhaint aige leis na beartais chomhtháthaithe a chruthú agus a mheas.
3. Dul i gcomhairle le cumainn ionadaíochta comhtháthaithe agus beartais chomhtháthaithe á ndruchtú agus na cumainn seo a chur san áireamh sna cláir a chuirtear i bhfeidhm sa réimse seo.
4. Dóthain cistí a chur i leataobh don chomhtháthú agus tacú le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun a chinntiú go ndéanann siad gníomhú sa réimse seo.
5. Tacú le tiomantais nua ó na comhpháirtithe sóisialta agus NGOanna atá dóchúil chun cleachtais a spreagadh a bheadh ag teacht le comhtháthú sóisialta agus comhrac an chiníochais, seineafóibe agus aon chineál idirdhealú eile.
6. A chinntiú go gcuirfí modh oscailte an chomhordaithe i bhfeidhm i mbeartais chomhtháthaithe.
7. Tacaíocht a thabhairt do ghníomhaithe sóisialta chun tionscadail fhostaíochta agus ghairmoiliúna a chur i bhfeidhm bunaithe ar chomhtháthú rannpháirtíochta na n-inimirceach, a ligfidh do thairbhíthe na dtionscadal a bheith ar chomhchéim.



8. Ceardchumainn agus cumainn fhostóirí a chur san áireamh in iarrachtaí na n-údarás poiblí chun dul i gcomhrac na fostaíochta mídhleathaigh.
9. Díospóireacht a thosú ag leibhéal Eorpach i leith oiriúnacht chun bearta tabhartha chun rialtacht a tharraingt aníos, fad a sheachnaítear an riosca d'inimirce míríalta a bhreathnaítear air mar "chúldoras" ar inimirce dleathach.
10. Deiseanna a chruthú le haghaidh inimirce dleathach sna hearnálacha a théann obair mhírialta i bhfeidhm orthu is mó, tacaíthe ag feachtas faisnéise agus oideachais ag leagan béime ar iarmhairtí fostaíochta neamhdhearbhaithe. ■

Meas ar chearta bunúsacha

Caithfidh cruthú fíor-limistéar Eorpach de shaoirse, slándáil agus ceartas an chothromaíocht chearta a bhaint amach idir an trí diminsean, i dtreo is go dtugtar cosaint do luachanna daonlathacha, nár tharla go fónta le reachtaíocht a glacadh léi go dtí seo. Tá an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a ghabhann le Conradh Liospóin, mar bhunchloch de mhúnla na hEorpa agus ba chóir go mbeadh beartais agus cinntí uile a ghlactar leo ag leibhéal na hEorpa á gcomhlíonadh.

Ba chóir go mbeadh meas iomlán ag beartas agus reachtaíocht inimirce ar chearta bunúsacha gach duine aonair, chomh maith le príonsabail na cóireála cothrom agus neamhidirdhealú.

Teastaíonn ón gCoiste béim a leagan chomh maith ar thábhacht seirbhísí an leasa i gcoitinne, atá cumhdaithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sainmhínte sa phrótocal a ghabhann le Conradh Liospóin.

Chun meas níos fearr a chinntiú le haghaidh cearta bunúsacha sa dá réimse, a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta ach go háirithe, iarrann an Coiste ar institiúidí na hEorpa glacadh leis na bearta seo a leanas:

1. An rannpháirtíocht is mó agus is féidir a chinntiú de shocháil shibhialta eagraithe i réachtáil an Bhoird Bainistíochta agus an Fóram um Chearta Bunúsacha de chuid

Ghníomhaireacht nua an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

2. Scóip shaoránacht an AE a leathnú chun náisiúnaigh na dtríú tíortha a chur san áireamh atá ina gcónaithe seasmhacha nó fadtéarmacha i gceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.
3. Cuir dhá phrionsabal nua ar an liosta den deich bprionsabal comónta atá mar bhuntaca ar bheartas inimirce comónta: meas ar chearta agus ar shaoirsí bunúsacha agus ar fhorlámhas an dlí.
4. Glacadh go tapa leis an treoir chothrománach ag bunú sraith chomónta de chearta le haghaidh oibrithe na dtríú tíortha a bhíonn ina gcónaí go dleathach i mBallstát.
5. Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um chosaint oibrithe inimirceacha a dhaingniú (nuair a thagann Conradh Liospóin i bhfeidhm).
6. Glacadh le cur chuige réamhghníomhach, nuair a thagann Conradh Liospóin i bhfeidhm, chun réamh-mheas a dhéanamh ar thionscnaimh faoi ábhair inimirce a thiocfaidh anois faoi scáth gnáth nós imeachta reachtaíochta, agus lena chinntiú go bhfuil meas iomlán acu ar chearta daonna agus ar shaoirsí bunúsacha, ag comhlíonadh Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.



7. Tionscnamh Pobail a ullmhú chun fórdhíospóireacht a chur ar bun faoi threoirínte a bhunú ar sheirbhísí leasa ginearálta nuair a tógtar san áireamh a dtábhacht do chomhtháthú sóisialta agus

críche sa chomhthéacs domhandaithe agus ag teacht leis an aidhm chun rochtain uilíoch agus cearta úsáideora a chur chun cinn arna fhoráil ag Conradh Liospóin. ■

Athnuachan trí Fhorbairt Inbhuanaithe

Ní mór d'fhorbairt inbhuanaithe, lena dtrí cholún de bhreathnuithe comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a bheith mar chroílár de théarnamh agus athbheochan na hEorpa, agus fíor-threoir do bheartais na todhchaí. Ba chóir go mbeadh plean téarnaimh na hEorpa mar "mhargadh inbhuanaithe nua" agus go mbeadh sé mar ionstraim chun forbairt inbhuanaithe a fhorbairt. Tá sé riachtanach don Aontas Eorpach leas a bhaint as gach modh atá ar fáil chun fás a chur chun cinn atá bunaithe ar theicneolaíochtaí, éifeachtúlacht fhuinnimh, agus úsáid amhábhhar cóimheasta, agus tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe a chothú.

Nuair a shuiteáiltear fás an OTI mar spriocpholasaí lárnach, cuirtear cúrsaí go hiomlán as riocht. Ní féidir fás a thomhas go hiomlán i dtéarmaí cainníochtúla. Tá an-cuid gnéithe sóisialta agus comhshaoil atá ríthábhachtach do leas daonna nach bhfuil san áireamh san OTI os rud é nach trádáiltear na hearraí nó na seirbhísí atá i gceist i láthair an mhargaidh. Tá sé riachtanach táscairí eile a fhorbairt a dhéanfaidh an dul chun cinn i dtreo forbairt inbhuanaithe a thomhas níos fearr.


D'fhonn breathnú ar mhaoin arís i dtéarmaí forbartha inbhuanaithe, molann an Coiste go nglacfaí leis na bearta seo a leanas.

1. Ba chóir go n-ainmneofaí forbairt inbhuanaithe mar an t-aon sprioc uileghabhálach le haghaidh gach beartas eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil na hEorpa. I 2010, ba chóir don Aontas Eorpach glacadh le straitéis uileghabhálach aonair le haghaidh cur chun cinn forbartha inbhuanaithe, ar chóir dóibh príomhghnéithe a ionchorprú ón dtrí straitéis reatha, straitéisí Liospóin, straitéis na forbartha inbhuanaithe, agus straitéis fuinnimh agus aeráide.
2. Ba chóir breathnú arís ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh le hinbhuanaitheacht san áireamh. Ba chóir go dtógfadh caiteachas poiblí gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil san áireamh, agus an bhéim chéanna a leagan ar chearta na nglúine sa todhchaí agus atá ag an nglún faoi láthair.
3. Ba chóir bearta nua maidir le dul chun cinn i leas daonna agus i bhforbairt inbhuanaithe a fhorbairt agus ba chóir iad a úsáid níos mó in ionad GDP chun spriocanna agus polasaithe a shainmhíniú.



4. Ba chóir go lorgódh an tAontas Eorpach cur chuige dá leithéid le haghaidh forbairt inbhuanaithe in áiteanna eile ar domhan mar chuid dá bheartas caidreamh seachtrach lena chinntiú go mbeadh cothromaíocht le haghaidh forbartha agus nach mbainfí an bonn d'íomaíochas tionsclaíoch.

5. Ba chóir go ndíreodh an 7ú Creatchlár Taighde ar phríomhréimsí na hinbhuanaitheachta ar nós teicneolaíochtaí comhshaoil agus fuinnimh glan. ■



Ag bainistiú ár gcaipiteal nádúrtha go hinbhuanaithe

Tá acmhainní nádúrtha mar ár gcaipiteal nádúrtha agus mar chroílár an gheilleagair dá bhrí sin. Tá ár bhfolláine agus todhchaí, chomh maith lenár maoin eacnamaíoch ag brath ar ár meas agus úsáid fhreagrach na n-acmhainní a thugann an nádúr dúinn.

Le cúig bliana is fiche anuas, tá fás dúbailte tagtha ar fhás eacnamaíoch an domhain, tá 60% den éiceachóras a sholáthraíonn bia, uisce, fuinneamh agus aer úr á dhíghrádú nó á úsáid go neamh-inbhuanaithe.

Tá sé ríthábhachtach chun bithéagsúlacht a choinneáil, ní hamháin ó thaobh na heitiiciúilacht de, ach ar bhonn eacnamaíoch chomh maith. Tá sé réamh-mheasta go bhfuil costas na gcaillteanas eacnamaíocha a tharla de bharr meath an éiceachórais thart ar na céadta billiún euro go dtí seo.

Ba chóir go gcuirfeadh cistí agus fóirdheontais an Aontais Eorpaigh bainistiú inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha chun cinn. Is féidir le talmhaíocht dea-éifeachtaí nó drochéifeachtaí a bheith aige ar bhithéagsúlacht, ag brath ar na cleachtais a chuirtear chun cinn. Ba chóir go mbeadh an Comhbheartas lascaireachta mar uirlis le haghaidh cosaint bithéagsúlachta, trí bhogadh i dtreo bainistíocht bunaithe ar éiceachórais agus ní hamháin ar speicis.

Má tá polasaithe an Aontais Eorpaigh chun cur le bainistíocht inbhuanaithe dár gcaipiteal

nádúrtha, molann an Coiste go nglacfaí leis na bearta seo a leanas:

1. Gníomhú níos mó ar éifeachtúlacht, ní hamháin a bhaineann le fuinneamh, ach le hamhábhair agus le huisce chomh maith, thar aon ní eile trí fhorfheidhmiú reachtaíocht reatha, sna réimsí bithéagsúlachta agus bainistiú uisce agus dramhaíola.
2. Cinntigh forfheidhmiú éifeachtach na reachtaíochta eisigh ar chosaint na bithéagsúlachta.
3. An Comhbheartas Talmhaíochta agus an Comhbheartas lascaireachta a dhearadh agus fhorfheidhmiú ar bhealach a chinntíonn cosaint na n-acmhainní nádúrtha.
4. Bain an bac de ghlacadh na treorach creatlaí ar chosaint ithreach san Eoraip.
5. Tóg san áireamh an cheist maidir le gantanas uisce agus foráil le haghaidh bearta chun cur amú uisce a chosc agus an chreat-treoir uisce á athchóiriú.
6. Níos mó aird a tharraingt ar ról na bhforaoisí san Eoraip agus mórthimpeall an domhain, mar thearmainn bhithéagsúlachta, mar áiteanna stórála carbóin, mar fhoinse bhithfhuinnimh, mar mhodh chun fású a chomhrac agus mar fhoinse d'ábhair thógála. ■

Ag tabhairt faoi ghníomhú docht ar athrú aeráide

Tá athrú aeráide ar cheann de na dúshláin is mó ar domhan sa lá atá inniu ann. Chun deis a bheith againn tabhairt faoi, tá toil pholaitiúil láidir ag teastáil uainn ag gach leibhéal agus tiomantas diongbháilte sa tsochaí.

Chun cosc a chur ar síor shárú teocht an domhain ardú 2°C i gcomparáid leis an ré réamh-thionsclaíoch, tá laghdú suntasach ag teastáil in astuithe gáis cheaptha teasa domhanda. I gcomparáid le 1990, beidh ar astuithe na dtíortha forbartha titim idir 25% agus 40% faoi 2020, agus idir 60% agus 80% faoi leathbhealach tríd an gcéad. Beidh réabhlóid ag teastáil anseo sa bhealach maireachtála atá againn, inár dtáirgeadh agus inár dtomhaltas. Tá rathúlacht anseo teagmhasach ar chomhiarracht na n-astáirí uile, a bheidh ag teacht le chéile laistigh de raon na Náisiún Aontaithe i gCóbanhávan i Nollaig 2009. Caithfidh an Eoraip gníomhú go ciallmhar ar a talamh féin agus a bheith réidh le haghaidh gearradh 30% faoi 2020 i gcomhréir lena tairiscint coiníollach eisigh.

Bíonn deiseanna i gceist leis an athrú eacnamaíoch riachtanach, ach bíonn dúshláin mhóra ann chomh maith: ar thaobh amháin, d'fhéadfadh teicneolaíochtaí glasa poist a chruthú san Eoraip, ach ar an taobh eile, caithfidh dian-thionscail charbóin a n-astuithe

a laghdú go suntasach. Chun an t-athrú seo a chur i gcrích, beidh ar gach gníomhaí cur le rialú eacnamaíoch trédhearcach a leagann béim ar chostais agus leasanna de bhearta polasaí agus de theicneolaíochtaí difriúla ina n-iomláine.

Iarrann an Coiste ar institiúidí na hEorpa tiomantas docht a thabhairt chun gnímh i gcoinne athrú aeráide, agus ar a laghad trí na moltaí seo a leanas a chur i bhfeidhm:

1. Chun críoch a chur le comhaontú iar-Kiótó uailmhianach i gCóbanhávan i Nollaig 2009, lena n-áirítear tiomantas láidir ó na hastáirí carbóin is mó bunaithe ar an bprionsabal de fhreagrachtaí difreáilte comónta, chun an gearradh foriomlán riachtanach a bhaint amach fad a choinnítear iomaíochas de thionscail an AE.
2. Chun glacadh le reachtaíocht bhreise chomh luath agus is féidir d'fhonn spriocanna laghdaithe astuithe an Aontais Eorpaigh a bhaint amach le fíis chun laghdú 30% a bhaint amach faoi 2020 má tá comhaontú i gCóbanhávan, agus na hearnálacha tionsclaíocha cuí go léir a thabhairt isteach sa Scéim Trádála Astuithe.
3. Lena chinntiú go gcaithfí cistí an Aontais Eorpaigh faoi réir na cuspóirí a bhaineann

le forbairt íseal-charbóin lena n-áirítear oiliúint an lucht saothair do phoist oilte sa réimse seo.

4. Chun comhlíonadh ábhair imní comhshaoil a chinntiú go héifeachtach ó thaobh costais de, trí chostais seachtracha a inmhéanú, lena n-áirítear costais shóisialta i bpragsanna gach cineál fuinnimh, agus iomaíochas domhanda san áireamh. Ní mór na teicneolaíochtaí fuinnimh

iomaíocha a mheas lena gcostais agus tairbhí saolré iomlán.

5. Comhiarrachtaí a dhéanamh chun athrú aeráide a laghdú le bearta chun oiriúnú le héifeachtaí d'athrú aeráide atá aitheanta cheana: ullmhú agus bainistiú stoirmeacha, triomaigh agus tuilte, coigeartú feirmeoireachta i gcomhréir le hathruithe aeráide, agus gluaiseachtaí imirce agus galair nua a réamh-mheas. ■

Ag déanamh fíor-sprioc choiteann as slándáil fuinnimh

Comhlíontar 50% de riachtanais fhuinneamh an Aontais Eorpaigh trí iompórtálacha agus mura ndéantar aon rud, méadóidh sé seo go 70% idir 2020 agus 2030. Tá an dara géarchéim gháis idir an Úcráin agus an Rúis tar éis a léiriú go soiléir go bhfuil sé in am bogadh i dtreo fíor-bheartas slándála fuinnimh na hEorpa.

Ciallaíonn slándáil soláthair, ní hamháin infhaighteacht fhisiceach na soláthairtí, ach chomh maith leis sin go mbíonn siad ar fáil ar phraghsanna atá inghlactha go sóisialta. Is é an t-aon réiteach a bheidh ar an ngéarchéim reatha maidir le fuinneamh agus athrú aeráide ná go ndéanfaidh geilleagar an domhain bainistiú ar athrú tapa a bhunús fuinnimh ón mbealach a bhfuil sé ag brath an iomarca faoi láthair ar bhreoslaí iontaise a dhó. Is é seo an fáth go bhfuil sé ríthábhachtach, le linn athruithe go geilleagar íseal-charbóin, go mbíonn beartas aeráide agus fuinnimh gníomhach agus freagrach comhtháite le beartas seachtrach an Aontais Eorpaigh.

Le haird ar na saincheisteanna domhanda seo agus an t-idirpleáchas idir sholáthróirí agus úsáideoirí fuinnimh, creideann an Coiste gur chóir do na Ballstáit agus na geallsealbhóirí go léir comhghníomh a dhéanamh chun slándáil fhuinnimh an AE a neartú ar bhonn na moltaí seo a leanas:

1. Pleanáil a dhéanamh de réir amchlár beacht le haghaidh mór-infheistiú in infreastruchtúr fuinnimh chun greille na hEorpa a oiriúnú le haghaidh ionchur ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite dlíraithe, níos lú, agus chun dlúthpháirtíocht fuinnimh ar fud na hEorpa a cheadú i dtreo is go stopfadh fás an éileamh ar ola san Aontas Eorpach laistigh de chúpla bliain.
2. Breathnú go cúramach ar na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann le fuinneamh núicléach.
3. Forbairt bhreise agus feidhmiú leanúnach na measúnuithe den tionchar atá ag rogha teicneolaíochta ar fhorbairt inbhuanaithe, go háirithe tionchar na mbithbhreoslaí ar an saolré éiceolaíochta: measann an Coiste go bhfuil an ionadaíocht i bpáirt de dhíosal nó de pheitreal le hagraibhreoslaí ar cheann de na bearta cosanta aeráide is lú éifeacht agus is mó costais, a léiríonn míroinnt suntasach na n-acmhainní airgeadais.
4. Comhoibriú go gníomhach ag leibhéal na hEorpa ar pholasaí fuinnimh seachtrach, ag léiriú dlúthpháirtíochta, agus ag obair i gcoinne úsáid fhuinnimh mar uirlis in achrainn idirnáisiúnta.



5. I gcomhthéacs idirbheartaíochtaí comhdhála seachtracha, tá sé riachtanach go bhforfheidhmeodh na tríú tíortha na rialacha i leith cómhartaíocht, cóireáil cothrom, trédhearcacht agus cosaint infheistíochtaí.
6. Dul i gcomhairle le hionadaithe na sochaí sibhialta agus páirt ghníomhach a thabhairt dóibh chun an straitéis fhuinnimh seachtrach a shainmhíniú.
7. Soláthar le haghaidh idirnascálacha Thuaidh-Theas agus Thoir-Thiar idirnáisiúnta le haghaidh gáis agus leictreachais chun foinsí soláthair a éagsúlú taobh amuigh den Aontas Eorpach.
8. Tacaíocht a thabhairt d'athrú ghreille na hEorpa le bearta um chosaint géarchéime, ar nós rabhadh luath, comhroinnt faisnéise agus stoc-charnadh/ionadaíocht. ■

Ag draenáil cumas na héifeachtúlachta fuinnimh

Is iad éifeachtúlacht fhuinnimh agus spáráil fhuinnimh na modhanna is fearr ó thaobh costais de chun na spriocanna a chomhlíonadh a nglacadh leo i bpacáiste fuinneamh agus athrú aeráide an AE, .i. laghdú 20% d'astuithe gáis cheaptha teasa (leibhéal 1990) faoi 2020 agus an sprioc neamhcheangailte chun sábháil 20% de thomhaltas fhuinnimh an Aontais Eorpaigh a bhaint amach (i gcomparáid le leibhéal réamh-mheasta 2020) faoi 2020.

Cé go dtugann sé tacaíocht don chuspóir deireanach, molann an Coiste chomh maith go leagfaí amach spriocanna sonracha nua le haghaidh cineálacha éagsúla táirgí agus seirbhísí, ar a laghad iad siúd a bhaineann tábhacht ar leith leo sa mhargadh aonair. Le roinnt eisceachtaí, bhí easpa dáiríreachta ag baint le tiomantas na mBallstát chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Tá sé seo fíor ach go háirithe sna príomhearnálacha de thomhaltas fuinnimh: iompar agus tithíocht phríobháideach. Bíonn tiomantas an phobail níos ríthábhachtaí dá bharr seo, agus toisc go dtreoraíonn costais a gcinntí sna réimsí seo go minic, tá sé níos bunriachtanaí a roghanna a thacú trí dhreasachtaí eacnamaíocha agus trí eolas dírithe.

Chun leas iomlán a bhaint as an gcumas atá ag éifeachtúlacht fhuinnimh, molann an Coiste na bearta seo a leanas:

1. Iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthacht de spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh ar leith le haghaidh cineálacha difriúla earraí agus seirbhísí.
2. A chinntiú go bhfuil na tionscnaimh i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh sonracha agus indéanta agus go ndéantar monatóireacht ar an méid a theipeann ar na cuspóirí a bhaint amach, mar a bhí i gcás astuithe feithicle, laghdú CO₂ go ginearálta, astuithe gáis cheaptha teasa agus fuinnimh in-athnuaite.
3. Tacaíocht a thabhairt d'éifeachtúlacht fhuinnimh trí dhreasachtaí agus trí fhóirdheontais neamh-leatromach: CBL laghdaithe nó faoiseamh cánach le haghaidh ceannachán na dteicneolaíochtaí éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de nó iontaofa ó thaobh an chomhshaoil de, nó le haghaidh suiteáil inslithe teasa níos fearr i bhfoirgnimh eiseacha.
4. Scéim lipéadaithe fuinnimh a chur ar bun le haghaidh bia chun an fhéidearthacht a thabhairt do thomhaltóir na hEorpa roghanna eolasacha a dhéanamh sa réimse seo.
5. Soláthar le haghaidh cláir a shábhálann fuinneamh agus tacaíocht dóibh siúd nach bhfuil róshaibhir, a bhíonn in ann déileáil leis na praghsanna fuinnimh atá ag ardú ach nach bhfuil ar a gcumas infheistiú i bhfearas teaghlaigh nua.



6. Scaipeadh teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn, ag baint an leas is fearr as deiseanna a sholáthraíonn an 7ú Creatchlár Taighde agus Forbartha Teicneolaíochta an Aontais Eorpaigh, Creatchlár um Iomaíochas agus Nuálaíocht (CIP), clár LIFE+ agus na Cistí Struchtúrtha agus Comhtháthaithe.
7. Faisnéis soiléir, éifeachtach agus leanúnach a sholáthar ag an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil faoi na teicneolaíochtaí éagsúla a shábhálann fuinneamh, na measúnuithe tionchar fuinnimh de na cineálacha éagsúla tomhaltais agus na bearta dreasachta curtha i bhfeidhm ag na húdaráis. ■

Le haghaidh rialachais athnuaite na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta

Le blianta beaga anuas, tá ceisteanna á dtarraingt aníos ag eagraíochtaí sochaí sibhialta, NGOanna agus tíortha atá ag forbairt faoin easnamh daonlathach i bpróisis chinnteoireachta an iomaí eagraíochtaí idirnáisiúnta. Le domhandú sa chúlra, tá ról ríthábhachtach ag na heagraíochtaí seo mar eadránaithe i gcaidrimh idirnáisiúnta, agus cóireáil neamhchothrom idir tíortha forbartha agus tíortha atá ag forbairt i dtéarmaí conas a bhaineann bealaí rialachais an bonn dá gcreidiúnacht. D'fhonn a bheith níos dliteanaí agus freagrach, tá sé riachtanach do na heagraíochtaí seo níos mó béime a leagan ar rannpháirtíocht na dtíortha atá ag forbairt i bpróisis chinnteoireachta agus dialóg struchtúrtha a chur ar bun le sochaí shibhialta.

D'fhonn cabhrú le rialú a fheabhsú in eagraíochtaí idirnáisiúnta, measann an Coiste gur chóir don Aontas Eorpach na moltaí seo a leanas a chur san áireamh:

1. Ba chóir tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh bunú dialóg struchtúrtha idir eagraíochtaí idirnáisiúnta (NA, An Banc Domhanda, IMF, OECD, WTO, EIS, s.rl.) i dtreo is go bhféadfadh gníomh a chomhordú chun torthaí níos fearr a bhaint amach agus chun cláir chontrártha agus acmhainní curtha amú a sheachaint.
2. Ba chóir eagraíochtaí idir-rialtasacha réigiúnacha a thabhairt isteach sa chomhordú institiúideach struchtúrtha, d'fhonn go mbeadh baint acu in iarrachtaí chun Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach.
3. Ba chóir céimeanna a thógáil chun níos mó cumhachtaí a thabhairt do thíortha atá ag forbairt in institiúidí idirnáisiúnta go háirithe an IMF agus An Banc Domhanda.
4. Ba chóir go dtabharfadh eagraíochtaí institiúideacha aird speisialta ar na saincheisteanna criticiúla atá i ndán do thíortha maidir le bochtaineacht, eipidéimí, an comhshaoil agus táirgeadh talmhaíochta.
5. Ba chóir tacaíocht leanúnach gan staonadh a chur ar fáil do thíortha atá ag forbairt, trí acmhainní agus saineolas teicniúil a aistriú dóibh i dtreo is go mbeadh siad in ann páirt a ghlacadh go héifeachtach agus go héifeachtúil in oibriú na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta.
6. Ba chóir gníomh a dhéanamh chun eagraíochtaí idirnáisiúnta a spreagadh chun trédhearcacht a mhéadú agus chun tiomantas foirmiúil a thabhairt ionas go mbeadh teacht ar a gcáipéisí laistigh d'amscála a thugann seans do gheallsealbhoirí freagairt.
7. Ba chóir go mbeadh baint ag sochaí shibhialta sa bhealach a rialáitear eagraíochtaí idirnáisiúnta, ag baint leasa as meicníochtaí struchtúrtha.
8. Ba chóir go roghnófaí ionadaithe na sochaí sibhialta a mbeidh baint acu i rialú eagraíochtaí idirnáisiúnta go daonlathach, i gcomhréir lena ionadaíochta, a neamhspleáchas agus a saineolas, agus caith-



fear a thaispeáint go bhfuil acmhainní a n-eagraíochta á mbainistiú ar bhealach trédhearcach.

9. Ba chóir na bunphrionsabail ar chóir iad a bheith mar bhun taca do chaidrimh idir sochaí shibhialta agus eagraíochtaí

idirnáisiúnta athrá trí fhógairt soiléir a chuireann chomhdhialóg chun cinn agus a dhiúltaíonn aon chineál foréigin; tiomantas do thrédhearcacht, tiomantais d'fhaisnéis agus teacht ar cháipéisí, comhairliúcháin, measúnuithe agus fóraim idirlín. ■

Ag spreagadh cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha ar fud an domhain

Tá riachtanas práinneach ann faoi láthair ar fud an domhain chun spreagadh a dhéanamh ar chearta eacnamaíocha agus cultúrtha do chúinsí polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta. Le teacht na géarchéime eacnamaíche – atá tar éis scáth neamhchinnteachta a chaitheamh ar chaighdeán mhaireachtála agus atá ag cur forbairt in a lán tíortha sa tuaisceart agus sa deisceart i mbaol – is tosaíocht phráinneach í coinneáil chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha le haghaidh go leor tíortha.

Measann an Coiste nár chóir go mbeadh athrú iomlán nó fadhbanna eacnamaíocha práinneacha mar chúis lenár bhforairdeall a mhaolú maidir le cosaint chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha atá bunaithe go hidirnáisiúnta, agus molann sé go dtógfaí na moltaí seo a leanas san áireamh:

1. Sa chás go mbíonn rath ar athbheochan cultúrtha agus go mbíonn comhartha ceiste ar chearta uilíocha, níor chóir go mbeadh an tóraíocht ar bhealaí nua chun aghaidh a thabhairt ar an saincheist mar chonstaic ar an bhfíric nach féidir an bonn a bhaint de chearta uilíocha.
2. A chinntiú go n-aithnítear cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha go hiomlán i gcomhthéacs idirbheartaíochtaí a dhéanann an tAontas Eorpach i gcomhlachtaí idirnáisiúnta, ina pholasaí seachtrach, ina pholasaí forbartha, ina ghnóthaíocht le tríú tíortha agus i gcreatlach na ndialóg polaitiúla déthaobhach nó réigiúnach.
3. A bheith ag lorg daingniú uilíoch de phrótacal an aontaithe idirnáisiúnta um chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha atá ar tí a bheith glactha.
4. An saincheist maidir le meas ar chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a chur san áireamh agus sainorduithe á n-idirbheartú le haghaidh chomhaontuithe idirnáisiúnta nua an AE.
5. Béim a leagan ar an tábhacht atá ann chun obair a chosaint agus na cearta a bhaineann leis mar atá leagtha amach i gcoinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) (an ceart chun oibre, saoirse comhlachais, ceart um cómhargáil, neamh-idirdhealú sa láthair oibre agus cosc ar fhostú páistí agus obair éigeantais) agus tacaíocht a thabhairt don chlár oibre um obair chuibhiúil leagtha amach ag an EIS.
6. Aird a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann leis an gceart comhlachais le haghaidh eagraíochtaí soch-cheirde, a chuireann leis an dialóg cuiditheach atá géarghá leis.



7. Smaoineamh i leith “pointí fócais” a chruthú chun tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá ag obair chun cearta daonna a chosaint, agus dá bhrí sin ag cur ar chumas institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh oibriú mar chuid de líonra, gach ceann laistigh dá réimse saineolais féin.
8. Nuair a thógann tú an ról atá acu i ndialóg sóisialta, breathnaigh ar na comhpháirtithe sóisialta mar phríomhimreoirí agus comhpháirtithe don AE, go hiomlán páirteach i bpróiseas na dialóige polaitiúla agus tacaíocht an AE a chur ar fáil i dtíortha ina oibríonn comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta eile i gcoinníollacha deacra. ■

Spreagadh idirnáisiúnta an mhúnla Eorpaigh

I ndomhan an lae inniu, bíonn an múnla forbartha ag an Aontas Eorpach maidir le comhtháthú polaitiúil agus eacnamaíoch leis an margadh aonair, caighdeáin shóisialta agus cearta bunúsacha ag idirghníomhú le múnlaí sóisialta eile, tá siad neamhspleách ar ndóigh. Cabhraíonn na himreoirí domhanda nua, an rannóg saothair idirnáisiúnta nua, mórcheannas caipitil airgeadais, scoilteadh an tslabhra táirgthe agus pointí tagartha cultúrtha nua tagtha ar an ardán domhanda chun éifeachtacht an mhúnla seo a léiriú, agus ag an am céanna ag bagairt an bonn a bhaint de.

Buíochas dá meicníochtaí dlúthpháirtíochta agus dialóige sóisialta, is féidir éifeacht chosanta a bheith ag múnla sóisialta na hEorpa, le linn tréimhse géarchéime eacnamaíoch domhanda ach go háirithe. Trí bheartais an AE le tionchar seachtrach, bíonn éifeacht ag an múnla seo ar staid shóisialta na dtríú tíortha agus a bhforbairt inbhuanaithe.

Measann an Coiste go gciallaíonn coinneáil agus forbairt mhúnla na hEorpa go dtógtar na hidirghníomhaíochtaí seo san áireamh agus dá bhrí sin ag spreagadh múnla comhtháthaithe agus comhtháthú sóisialta na hEorpa lasmuigh den Aontas Eorpach, trí na bearta seo a leanas.

1. Spreagadh - i spiorad an chomhoibríthe cuiditheach le heagraíochtaí comhtháthaithe réigiúnacha eile - na luachanna

agus na meicníochtaí atá mar bhuntaca do chomhtháthú na hEorpa agus a chruthaíonn an fhéidearthacht chun beartais chomónta a chur le chéile fad a bhíonn meas ar éagsúlacht.

2. Tabhairt ar aghaidh an taithí de chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta na hEorpa i gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta i bpolasaí forbartha an Aontais Eorpaigh.
3. A chinntiú go mbunófar comhshuímh comónta san Aontas Eorpach agus go bhfeabhsófar comhordú sna beartais agus sna comhlachtaí idirnáisiúnta éagsúla d'fhonn go mbeadh rath ar bhearta beartais eachtrannaigh an AE agus go mbainfí a chuspóirí sóisialta amach.
4. Tosaíocht a thabhairt do bhearta polasaithe seachtracha dírithe ar oideachas agus oiliúint a fhorbairt chomh maith le caighdeáin saothair bhunúsacha, cosaint shóisialta agus comhionannas inscne.
5. Ionchorprú na diminsean sóisialta, fostaíochta agus comhshaoil i gcomhaontuithe trádála agus cumann sínithe ag an Aontas Eorpach.
6. Spreagadh an rialacháin shóisialta, idirbheartaíocht idir comhpháirtithe sóisialta agus córais chosanta shóisialta uilíocha mar chroílár de pholasaí forbartha na hEorpa.



7. I gcmohréir le coincheap na hEorpa i leith freagracht shóisialta chorparáide, ag iarraidh ar chuideachtaí ilnáisiúnta na hEorpa dialóg shóisialta a chur chun cinn laistigh de na hearnálacha agus na tríú tíortha ina oibríonn siad.
8. Spreagadh ordú rialacháin nua le haghaidh an chórais airgeadais idirnáisiúnta.
9. Frámú na mbeartas imirce réamhghníomhacha agus comhtháthaithe a éascaíonn comhfhorbairt idir tíortha dúchasacha na n-inimirceach agus a dtíortha óstacha.
10. Ag gríosú an WTO chun oibriú leis an EIS ar chearta saothair chun go mbeadh an cuspóir, obair chuibhiúil do chách, lárnach le haghaidh rialachais domhanda.
11. Ag gríosú institiúidí airgeadais idirnáisiúnta chun a gcuid beartas a dhéanamh níos comhsheasmhaí leis an gcuspóir chun obair chuibhiúil a chur ar fáil.
12. Le haird, i measc chomhábhair bhunriachtanach de bheartas shachtrach an AE, ar an riachtanas chun eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chomhdhlúthú, ag cruthú meicníochtaí inar féidir leo siúd a bheith bainteach iontu agus cumarsáid le hinstiúidí ag obair ar son comhtháthú réigiúnach agus domhanda, aitheantas i dtrádáil agus comhaontuithe cumann de chomhlachtaí comhairliúcháin a sheasann ar son na sochaí sibhialta, agus cur chun cinn dialóg struchtúrtha idir idirghabhálaithe sóisialta agus eagraíochtaí an Aontais Eorpaigh agus tríú tíortha agus réigiúin. ■

Dúshlán domhanda an bhia agus beartas forbartha Eorpach


Tá thart ar 860 milliún duine mórthimpeall an domhain stiúgtha leis an ocra de bharr géarbhochtaineachta, fad atá 2 bhiliún duine gan slándáil bhia ó am go chéile de bharr leibhéil éagsúla bochtaineachta. Tá slándáil bhia casta mar braitheann sé ar roinnt fhachtóirí a tháinig le chéile i 2008 chun géarchéim bhia réadúil a chruthú mórthimpeall an domhain.

Thairis an tuairim atá ann de shlándáil bhia, tá an cheist de cheannasacht bhia, mar atá cearta daoine a dtáirgeadh bia agus talmhaíochta a shainmhíniú, agus spreagadh beartas agus cleachtas trádála atá inbhuanaithe go héiceolaíoch. Tá sé seo an-tábhachtach i dtíortha atá ag forbairt, ina mbíonn 70% den daonra ar a laghad ag maireachtáil i gceantair thuaithe. Ciallaíonn tábhacht na feirmeoireachta i ngeilleagair thíortha atá ag forbairt gur phríomhearnáil í an talmhaíocht chun forbairt inbhuanaithe a chothú, poist a chruthú, imirce a mhoilliú agus bochtaineacht a laghdú.

D'fhonn slándáil bhia a athneartú ag leibhéal idirnáisiúnta, molann an Coiste go nglacfaí leis na bearta seo a leanas mar chuid de bheartas forbartha an Aontais Eorpaigh:

1. Ba chóir tosaíocht forbartha straitéisí a dhéanamh den earnáil talmhaíochta. Ba chóir go gcuirfeadh pleanáil ghearrthéarmach, mheántéarmach agus fadtéarmach, i gcomhar le feirmeoirí áitiúla, le féindóthain i mbia, le forbairt na dtionscal próiseála agus le tréigean na tuaithe a stopadh.
2. Ba chóir go dtógfadh na cinní maidir le teicneolaíochtaí forbartha, bia agus fuinnimh nua comhionannas sóisialta agus eacnamaíoch araon san áireamh chomh maith le spreagadh na forbartha réigiúnaí. Ba chóir straitéisí níos fearr a dhréachtú le haghaidh dháileadh bhunriachtanais an tsaoil (uisce, bia, fothain, fuinneamh, ioncam) agus le haghaidh infheistíochtaí nach bhfuil go hiomlán eacnamaíoch ina nádúr.
3. Ba chóir iarrachtaí a dhéanamh chun rialacha a bhunú i leith trádáil talmhaíochta a rátháíonn soláthairtí bia dtíortha uile agus i gcúinsí uile. Ba chóir buntáistí trádála a thabhairt do thíortha atá ag forbairt atá ag brath ar bhia iompórtáilte a thugann tacaíocht do tháirgeadh náisiúnta a neartú.
4. Ní mór don Aontas Eorpach tacaíocht a thabhairt do na cumainn táirgthe agus do na heagraíochtaí margaidh sna tíortha atá ag forbairt agus tabharfaidh siad tacaíocht ar an mbealach seo do na coinníollacha bunúsacha le haghaidh soláthair bhia.
5. Lena chinntiú go mbíonn bia ar fáil agus go ndéantar praghsanna níos comhsheasmhaí, ba chóir clár oibleagáidí geallsealbhóireachta domhanda a chruthú, mar






an gcéanna leis an scéim a bunaíodh le haghaidh stóráil ola san Aontas Eorpach, agus ciste a bhunú chun praghsanna amhábhair talmhaíochta a shocrú.

6. Níl ach 1% de 9ú Ciste Forbartha na hEorpa curtha ar leataobh le haghaidh talmhaí-

chta. Nuair a tógtar aird ar thábhacht na hearnála talmhaíochta i dtíortha atá ag forbairt, tá sé tábhachtach go méadófaí an céatadán seo agus go mbeadh baint ag cumainn fheirmeoireachta i ndruchtú na gClár Tháscacha Náisiúnta. ■



Daonlathas rannpháirtíoch agus tionscnaimh na saoránach san Aontas Eorpach

Tá córas polaitiúil na hEorpa tógtha ar struchtúir atá sách óg agus dá bharr seo tá sé níl sé chomh dúnta leo siúd i bhformhór na mBallstát. Mar shampla, cé go bhfuil múnla daonlathach na hEorpa bunaithe ar dhaonlathas ionadaíochta, tá eilimintí soiléire de dhaonlathas rannpháirtíoch ann cheana. Féachann Conradh Liospóin le staid na gcumann ionadaíochta agus na sochaí sibhialta i ndíospóireacht institiúideach na hEorpa a neartú chomh maith leis an bhféidearthacht go mbeadh saoránaigh na hEorpa in ann reachtaíocht a mholadh as a stuaim féin (leagan nua d'Airteagal 11 den Chonradh ar an Aontas Eorpach).

Tá sé cruthaithe ag dialóg shóisialta, atá ag forbairt ó na 1970aidí, agus a bhfuil dlúthbhaint ag Coiste eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa léi, trí na rudaí atá bainte amach aici, cé chomh cuí agus atá na cineálacha rialachais bunaithe ar rannpháirtíocht i gcóras daonlathach nuaimseartha. Ag baint leasa as a chuid taithí mar ionadaí ar fhórsaí dinimiciúla de shochaí sibhialta na hEorpa, tá sé luaithe ag an gCoiste go minic, go bhfuil sé toilteanach ról gníomhach a ghlacadh i ngné rannpháirtíoch de mhúnla daonlathach na hEorpa a neartú.


Lena Pháipéar Bán ar Rialachas na hEorpa, tá an Coimisiún Eorpach tar éis comhartha soiléir a thabhairt le haghaidh breis rannpháirtíochta poiblí agus próiseas cuimsitheach machnaimh curtha ar bun i leith diminsin uile na ran-

npháirtíochta dá leithéid. Tar éis obair an choinbhinsiúin bhunreachtúil a bhfuil de chúram air an conradh bunreachtúil a ullmhú, tá an téarma "dialóg shibhialta" sa teanga oifigiúil anois.

D'fhonn meicníocht iontaofa de dhaonlathas rannpháirtíochta a chur i bhfeidhm, molann an Coiste go dtógfaí aird ar na prionsabail seo a leanas agus go nglacfaí leis na bearta seo a leanas:

1. Ní mór do dhaonlathas rannpháirtíochta daonlathas ionadaíochta a chomhlánú, ach gan dul ina ionad, mar tá creatlacha difriúla le haghaidh dlisteanú ag an dá mhúnla.
2. Is réamhchoinníoll bunúsach agus bunús dlisteanaithe le haghaidh rannpháirtíochta ná ionadaíocht leordhóthain dóibh siúd a labhraíonn ar son na sochaí sibhialta eagraithe. Caithfidh ionadaíocht a bheith cáilíochtúil chomh maith le cainníochtúil.
3. Is cineál rialachais í dialóg shibhialta agus is eilimint bhunúsach í de mhúnla daonlathach na hEorpa sa todhchaí. Is díospóireacht phoiblí idirghníomhach í a chuimsíonn gnéithe reachtaíochta ar an gcaoi sin agus le bunús institiúideach de dhíth uirthi.
4. Tá comhairliúchán agus rannpháirtíocht mar dhá chineál rannpháirtíochta atá á rialú ag coinníollacha difriúla: Sa phróiseas comhairliúchán, cinntíonn an comhlacht comhairliúcháin go ginearálta cé ba chóir





dul i gcomhairle leo i gcur chuige ó bharr anuas, cé gur ceart sibhialta bunúsach í rannpháirtíocht bunaithe ar phrionsabal ó bhun aníos, laistigh de chreatlach an daonlathais rannpháirtíochta

5. Molann an Coiste go n-eagrófaí ardán institiúideach le haghaidh dialóige sibhialta agus a chuirfeadh go gníomhach lena bhforbairt.
6. Is buntáiste é go bhfuil comhaltaí an Choiste páirteach in eagraíochtaí na sochaí sibhialta náisiúnta agus i dtimpeallacht fhíor-shaol eacnamaíoch agus shóisialta na hEorpa i leith forfheidhmiú tionscnamh na saoránach, mar a fhoráiltear i gConradh Liospóin. Is é seo an fáth go bhfuil an Coiste réidh chun an uirlis dhaonlathach nuálach seo a úsáid. ■



Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Rue Belliard 99

1040 Bruxelles / BELGIQUE

Teil. +32 2 546 96 04 | Facs +32 2 546 97 64

Catalóg Uimh.: EESC-2009-10-GA

www.eesc.europa.eu

QE-80-09-541-GA-C

ISBN 978-92-830-1200-9



9 789283 012009